



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA SRAITHE SÓISEARAÍ

EACNAMAÍOCHT BHAILE

TREOIRLÍNTE

SCRÚDÚ SCILEANNA INNIÚLACHTA BIA

1. LEAGAN AMACH AN MHEASÚNAITHE

Beidh an leagan amach seo a leanas ar an scrúdú:

Comhleibhéal:	(i)	Scrúdú Scríofa	(50%)
	(ii)	Scrúdú Scileanna Inniúlachta Bia	(50%)

2. MEASÚNÚ RANG-BHUNAITHE 2 – Coimre Eolais na Scileanna Inniúlachta Bia

Gach bliain eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit coimrí eolais do thascanna na scileanna inniúlachta Bia agus bíonn baint dhíreach acu le Measúnú Rang-Bhunaithe 2.

Le haghaidh treorach i dtaobh Mheasúnú Rang-Bhunaithe 2: féach na doiciméid seo a leanas atá ar fáil ó seoladh www.curriculumonline.ie www.ncca.ie www.jct.ie

- Sonraíocht Churaclaim, Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí
- Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Treoirínte don Mheasúnú Rang-Bhunaithe
- Measúnú agus Tuairisciú sa tSraith Shóisearach
- Ceardlaine CPD, Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí

Ní dhéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit Measúnú Rang-Bhunaithe 2 a mheasúnú.

3. SCRÚDÚ SCILEANNA INNIÚLACHTA BIA

Bíonn an triail feidhmíochta praiticiúla bunaithe ar an gcoimre eolais do na tascanna sna scileanna inniúlachta bia a eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit gach bliain. Dearadh nósanna imeachta na dtascanna chun tomhas a dhéanamh ar a mhéid is atá na hiarrthóirí tar éis na torthaí foghlama le haghaidh Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí a bhaint amach.

Mar chuid den triail feidhmíochta praiticiúla, ceanglófar ar iarrthóirí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- céimeanna ábhartha phróiseas na coimre dearaidh a fheidhmiú le linn an ullmhúcháin, an chur i bhfeidhm, agus na meastóireachta
- scileanna cócaireachta agus cruthaitheachta a léiriú, agus úsáid chuí na teicneolaíochta agus an trealaimh a léiriú
- prionsabail na cócaireachta agus teicnící a chur i bhfeidhm i gceart
- cleachtais bainistithe inbhuanaithe acmhainní a chur i bhfeidhm
- cleachtais atá sábháilte agus sláintiúla a léiriú maidir le bia a láimhseáil, a ullmhú, agus a riar
- miasa slachtmhara agus tarraingteacha a chur i láthair. Níl aon ghá miasa a roinnt ina gcodanna
- meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar na nithe seo a leanas: an mhias/na miasa críochnaithe; conas atá critéir na coimre eolais á gcomhlíonadh; agus a bhfeidhmíocht fhoriomlán i scrúdú na scileanna inniúlachta bia.

4. CRITÉIR MHEASÚNAITHE AGUS DÁILEADH MARCANNÁ

Aguisín 1 Measúnú na scileanna inniúlachta bia.

5. MODHEOLAÍOCHT AN MHEASÚNAITHE

Scrúdaitheoir a cheapfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit a dhéanfaidh obair na n-iarrthóirí a mheasúnú.

6. TREOIRLÍNTE MAIDIR LE SCRÚDÚ NA SCILEANNA INNIÚLACHTA BIA

- Déanfaidh gach iarrthóir triail feidhmíochta praiticiúla i láthair scrúdaitheoir seachtrach a cheapfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit.
Fad: 1 uair 30 nóiméad. Ceadófar do gach iarrthóir tréimhse 30 nóiméad a chaitheamh ag ullmhú roimh an scrúdú
- D'fhéadfadh scrúdaitheoir comhairleach nó príomh-scrúdaitheoir comhairleach a bheith i láthair chun monatóireacht a dhéanamh ar obair an scrúdaitheora
- Ceanglaítear ar iarrthóirí a bheith i láthair dá scrúdú cúig nóiméad déag sula dtosóidh an scrúdú.
- Ní ceadmhach d'iarrthóirí aon chumarsáid a dhéanamh lena gcomh-iarrthóirí le linn an scrúdaithe
- Ní mór don triail feidhmíochta praiticiúla a bheith ar aon dul le ceann **amháin** de choimrí eolais na dtascanna a bheidh eisithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit
- Ceanglaítear ar iarrthóirí ábhar scríofa pleanála a chur i lathair mar chuid den triail feidhmíochta praiticiúla. Is cóir na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh ann:
 - cóip den choimre eolais a roghnaíodh
 - ainm na réimse taighde e.g. cleachtas inbhuanaithe
 - ainm na méise/mias a ullmhaítear
 - plean oibre don triail feidhmíochta praiticiúla ina leagtar amach an t-ord ina ndéantar agus ina riartar an mhias/na miasa. Is cóir go mbeidh roinnt ama san áireamh sa phlean oibre le haghaidh meastóireacht scríofa a chur le chéile.
 - liosta na n-acmhainní atá ag teastáil e.g. na comhábhair, a méideanna, an trealamh, na miasa boird, etc.
 - bileog mheastóireachta agus ábhar scríbhneoireachta leis an meastóireacht scríofa a chur le chéile.
- Is cóir go gcomhlíonfaidh an mhias/na miasa a ullmhaítear critéir na coimre eolais agus is cóir dóibh deis a thabhairt don iarrthóir dul i ngleic ar bhealach fóinteach leis an léiriú scileanna is cuí maidir le caighdeán na Sraithe Sóisearaí
- Is cóir comhábhair úra a úsáid oiread agus is féidir agus is cóir bianna áise a úsáid a laghad agus is féidir chun go mbeidh iarrthóirí in ann a gcuid scileanna inniúlachta bia a thaispeáint
- Ní foláir do na miasa iomlána príomhchúrsa, nuair is gá, a bheith cothromaithe nuair is gá, i.e. is cóir trí cinn ar a laghad de na ceithre ghrúpa bia a bheith ann

- Ní cóir go ndéanfaí níos mó ná na bunriachtanais nuair a bhíonn comhábhair á réiteach roimh ré, i.e. ní miste na comhábhair a mheá agus na glasraí a ní ach gan iad a scamhadh ná a mhionghearradh, etc.
- Féadfaidh cócaireáin a bheith ar lasadh roimh ré, ach ní foláir do na hiarrthóirí féin an teocht riachtanach a shocrú le linn an scrúdaithe
- Ní ceadmhach araidí múirín/araidí a fholmhú go dtí go ndéanfaidh an scrúdaitheoir iad a sheiceáil
- Ní mór an trealamh a fhágáil ar an stasiún oibre go dtí go ndéanfaidh an scrúdaitheoir é a sheiceáil
- Ní foláir go mbeidh fáil ar threalamh garchabhrach le linn an scrúdaithe
- Ní mór do na hiarrthóirí gach bia a ullmhaítear a chur i láthair
- Cuirfear sceideal na seisiún scrúduithe ar fáil don scrúdaitheoir ina sonrúfar: líon na n-iarrthóirí i ngach seisiún; a gcuid scrúduimhreacha; uimhreacha a gcoimrí eolais taisc; agus ainmneacha na mias a bheidh le n-ullmhú/cocaráil
- Is cóir plean seomra a chur ar fáil don scrúdaitheoir ina léirítear na háiteanna ina mbeidh stasiún oibre na n-iarrthóirí
- Is cóir go mbeidh scrúduimhir an iarrthóra, uimhir a c(h)oimrí eolais don tasc agus ainmneacha na mias atáthar a chur i láthair le feiceáil go soiléir ar stasiún oibre agus ar ábhar scríofa gach iarrthóra. Is cóir don eolas sin a bheith ar taispeáint chun tosaigh ar stasiún oibre an iarrthóra
- Ní mór a bheith in ann iarrthóirí a aithint trína scrúduimhreacha gach tráth le linn an scrúdaithe
- Ní ceadmhach d'iarrthóirí fóin phóca ná gléasanna leictreonacha a úsáid i rith an scrúdaithe.

AGUISÍN 1

MEASÚNÚ NA SCILEANNA INNIÚLACHTA BIA

Marc iomlán: 100 Pleanáil: 10, Cur i bhFeidhm: 60, Cur i Láthair agus Meastóireacht: 30

Pleanáil		10
<p>Ábhar scríofa pleanála</p> <p>10</p>	<ul style="list-style-type: none"> ainm na réimse taighde e.g. cleachtas inbhuanaithe Ainm(neacha) na méise/na mias Liosta na n-acmhainní, e.g. trealamh, miasa boird Liosta na gcomhábhar agus a méideanna Plean oibre ina leagtar amach an t-ord ina ndéantar agus ina riartar an mhias/na miasa. Is cóir go mbeidh roinnt ama san áireamh sa phlean oibre le haghaidh meastóireacht scríofa a chur le chéile. 	
Cur i bhFeidhm		60
<p>Scileanna cócaireachta agus cruthaitheachta</p> <p>30</p>	<ul style="list-style-type: none"> Léiriú ar scileanna cócaireachta agus cruthaitheachta i ndail le comhábhair bhia a roghnú, a ullmhú agus a chocaráil, agus i ndáil leis an úsáid a bhaintear astu Comhordú agus deaslámhacht maidir le húsáid chuí na teicneolaíochta agus trealaimh Eolas cothaithe a chur i bhfeidhm go praiticiúil le linn bia a ullmhú Úsáidtear modhanna cearta le linn bia a ullmhú Scileanna ionramhála. 	
<p>Prionsabail chócaireachta agus teicnící cócaireachta</p> <p>10</p>	<ul style="list-style-type: none"> Prionsabail chócaireachta agus teicnící cócaireachta, atá oiriúnach don mhias/do na miasa, a chur i bhfeidhm i gceart Modh, teocht agus socrú amanna, atá oiriúnach don mhias/do na miasa, a úsáid i gceart. 	
<p>Cleachtais bainistithe inbhuanaithe acmhainní</p> <p>10</p>	<ul style="list-style-type: none"> Cleachtais inbhuanaithe a chur i bhfeidhm maidir le bia agus acmhainní ábharacha i.e. éifeachtúlacht fuinnimh, bainistiú dramhaíola, agus caomhnú uisce Déantar an obair san ord ceart Bainistiú ama – cloítear leis an bplean oibre agus cuirtear an obair i gcrích laistigh den tréimhse a thugtar Eagrú éifeachtach acmhainní e.g. láthair oibre a leagan amach, trealamh, comhábhair etc. 	
<p>Cleachtais sláinteachais agus sábháilteachta</p> <p>10</p>	<ul style="list-style-type: none"> Sláinteachas agus sábháilteacht phearsanta mhaith a thaispeáint. Éadaí oiriúnacha Leantar an nós imeachta glantacháin ceart, coinnítear bail shláintiúil ar na dromchlaí sa láthair oibre, agus glantar an trealamh, etc. Léirítear cleachtais shláintiúla oibre. i.e. lámha a níochán, bia a láimhseáil, a ullmhú, a stóráil, a riar, a bhlaiseadh etc. Cloítear le cleachtais shábháilte oibre maidir le gléasanna leictreacha, uirlisí, leachta teo, uirlisí cócaireachta a shocrú, socrú teochta, bia a dhoirteadh etc. 	
Cur i Láthair agus Meastóireacht		30
<p>Cuma na Méise/Mias</p> <p>10</p>	<ul style="list-style-type: none"> Léirítear cruthaitheacht le gairnis nó maisiú simplí atá oiriúnach don mhias/do na miasa Cuma tharraingteach air, dath oiriúnach - sách cócaráilte agus gan a bheith ró-chócaráilte Cuirtear mias/miasa i láthair go glan néata. 	
<p>Gnéithe céadfacha</p> <p>10</p>	<ul style="list-style-type: none"> Blas/toighis atá inghlactha Raimhre agus uigeacht cheart Sách cócaráilte. 	
<p>Meastóireacht</p> <p>10</p>	<ul style="list-style-type: none"> Breithmheas criticiúil ar an mias/na miasa, lena n-áirítear tagairt don dath, blas/toighis, uigeacht An chaoi ar chomhlíon tú na critéir atá leagtha amach sa choimre eolais – e.g. cleachtas inbhuanaithe Feidhmíocht fhoriomlán i scrúdú na scileanna inniúlachta bia – scileanna, cúrsaí ama, éifeachtúlacht, sláinteachas, sábháilteacht, moladh i leith athraithe i gcás gur gá etc. 	